



Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**  
**General Certificate of Education**  
**2014**

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

## Fisic

### Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

#### Modúl 1: Fórsaí, Fuinneamh agus Leictreachas

[AY111]



**DÉ CÉADAON 11 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

#### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.  
 Freagair **gach** ceist.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

#### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.  
 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **4**.  
 Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach cuid den cheist.  
 Tarraingítear d'aird ar an Bhileog Sonraí agus Foirmlí atá istigh sa scrúdpháipéar seo.  
 Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	

**Marc  
iomlán**

- 1 (i) Luaih aonad SI na friotaíochta.

Aonad SI \_\_\_\_\_

[1]

Scrúdaitheoir  
Amháin

Marcanna Athmharc

- (ii) Tugtar **aonad díorthaithe** ar aonad SI na friotaíochta. Mínigh cad é a chiallaíonn na focail atá faoi chló **throm**.

---

---

---

[1]

- (iii) Bain úsáid as an ghaol  $P = I^2R$ , an áit arb é  $P$  an chumhacht agus arb é  $I$  an sruth, le friotaíocht,  $R$ , a scríobh i mbunaonaid SI.

Bunaonaid SI \_\_\_\_\_

[3]

- (iv) An cainníocht scálach nó cainníocht veicteoireach í friotaíocht? Cuir tic sa bhosca chuí.

Scálach

Veicteoireach

Cad chuige ar roghnaigh tú an ceann seo?

---

---

---

[1]

- 2 (a) Is é  $72.0 \text{ m s}^{-1}$  treolus tuirlingthe scaird-aerlínear paisinéirí de réir mar théann a chuid rothaí i dteagháil leis an rúidbhealach. Tá a threolus laghdaithe go dtí a threolus innealta de  $8.50 \text{ m s}^{-1}$  i gceann 12.0 shocind agus é ag taistéal feadh an rúidbhealaigh. Taispeán go mbaineann an scairdeitleán a threolus innealta amach taobh istigh d'fhad slí 483m.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

[3]

- (b) (i) Déantar athbhreoslú ar an aerlínear agus téann paisinéirí agus a gcuid bagáiste ar bord réidh don chéad eitilt eile. Caithfidh an t-aerlínear luas de  $80.0 \text{ m s}^{-1}$  a bhaint amach ó thuis seasta le bheith ábalta éirí den talamh. Má mheastar luasghéarú an aerlínéir a bheith tairiseach ag  $0.96 \text{ m s}^{-2}$  faoi na dálaí seo, ríomh cá fhad a bheidh an rúidbhealach róghéarr más é 2780m a fhad.

Tá an rúidbhealach \_\_\_\_\_ m róghéarr [2]

- (ii) Ní thugtar cead don aerlínear éirí den talamh.Luaigh beart a d'fhéadfaí a dhéanamh agus mínígh ina ionmláine cad é mar a bheadh an t-aerlínear ábalta éirí den talamh ón rúidbhealach seo mar gheall ar an bheart seo.

---



---




---

[2]

- 3 Tá lúthchleasaí ag glacadh páirt i gcomórtas caite meáchain. Fágann an meáchan lámh an lúthchleasaí ag airde 2.0 m os cionn an talaimh agus is é  $13.5 \text{ ms}^{-1}$  treoluas an mhéachain ar an mheandar a bhfágann sé lámh an lúthchleasaí ag uillinn de  $40^\circ$  leis an chothromán. Taispeántar conair an mhéachain in **Fíor 3.1**. Is féidir neamhaird a thabhairt de fhriotaíocht aeir.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



Fíor 3.1

- (i) Ríomh an fad ama a thógann an meáchan lena airde uasta a bhaint amach.

$$\text{Am} = \text{_____ s} \quad [2]$$

- (ii) Ríomh an airde uasta a bhaineann an meáchan amach **os cionn an talaimh**.

$$\text{Airde} = \text{_____ m} \quad [2]$$

- (iii) Ríomh an fad slí cothrománach a thaistealaíonn an meáchan, féach  
**Fíor 3.1.**


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Fad slí = \_\_\_\_\_ m

[5]

**San áit ar cuí é sa cheist seo, ba chóir duit do fhreagra a thabhairt i bprós leanúnach. Measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa agat.**

- 4 Is spórt í an churláil ina mbíonn clocha tromá eibhir á sleamhnú ag imreoirí thar bhrat oighir i dtreo réimse scórála ar a dtugtar an Teach. Déantar an chloch a lainseáil ó líne ar a dtugtar an *Hogline*. Tá an Teach deihilte ina 4 fháinne mar a thaispeántar in **Fíor 4.1** agus is é an fhoireann a bhaineann, an fhoireann a bhfuil an cloch is cóngaraí do lár (D) an Tí acu.



**Fíor 4.1**

- (a) Le linn seisiún cleachtaidh, déantar cloch a lainseáil le fuinneamh cinéiteach de  $19.2\text{ J}$  ón *Hogline*, taistealaíonn sí  $6.59\text{ m}$  agus stopann sí i dteascán D den Teach.

- (i) Aimsigh méadaíocht an mheánpórtála fhreasúraigh atá ag gníomhú ar an chloch agus í ag gluaiseacht trasna an oighir óna pointe lainseála.

Meánpórtála = \_\_\_\_\_ N [2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (ii) De réir rialacha na curlála, tá sé ceadaithe an t-oighear a scuabadh. Laghdaíonn sé seo méid an mheánfhórsa fhreasúraigh faoi 12% ar lá an chleachtaidh. Ríomh an fuinneamh cinéiteach lena gcaithfear an chloch a scoileadh má tá sí le stopadh i zón D den Teach sa chás go ndéantar an t-oighear a scuabadh do na 3.00m dheireanacha dá turas.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Fuinneamh cinéiteach = \_\_\_\_\_ J [2]

- (b) Nuair a bhíonn an chloch á scoileadh bíonn nós ann í a chur ag casadh nó ag “curláil”. Mar gheall air seo bíonn conair na cloiche ag lúbadh nó ag “curláil”. Dá laghad é luas na cloiche, is amhlaidh is mó a bhíonn sí ag curláil. Tá scuaba ag beirt bhall eile den fhoireann. Cad é an eifeacht atá ag an scuabadh ar ghluaisne na cloiche agus ar an chonair a leanann sí?

---



---



---



---



---



---



---



---



---

[2]

Caighdeán na cumarsáide scríofa [2]

- 5 (a) Sainmhínígh móimint fórsa.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


---

---

---

[1]

- (b) Is minic a bhaintear úsáid as rinse insínte le rothchnónna a bhaint de charr. Is féidir fad,  $l$ , sheafta an rinse a shíneadh ó 32 cm go 54 cm mar a thaispeántar ar **Fíor 5.1**.



Fíor 5.1


- (i) Ríomh an laghdú céatadánach ar an fhórsa atá de dhíth leis an tasc chéanna a dhéanamh nuair a bhíonn an rinse rotha ag an fhad is faide aige i gcomparáid leis an fhad is giorra aige.

Laghdú céatadánach = \_\_\_\_\_ %

[2]

Ceanglaíonn bean atá 62kg an rinse de chnó rotha agus is í  $34^\circ$  an uillinn idir an rinse agus an cothromán. Nuair a sheasann sí ar fhoirceann an rinse, agus an rinse ag a fhad íosta de 32cm, éiríonn léi, ar éigean, an cnó atá ceangailte den roth a scaoileadh. Féach **Fíor 5.2.**

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



**Fíor 5.2**

- (ii) Ríomh an mhóimint a dhéanann an bhean faoi na dálaí seo.

Móimint = \_\_\_\_\_ N m


[3]

6 (a) Sainmhínígh Cumhacht

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

[1]

Tá saighdiúir dar mais 76.0 kg ag iompar mála droma dar mais 28.5 kg. Tá sé ag glacadh páirt i gcúrsa lingthe. Baineann cuid den chúrsa le balla ingearach dar airde 2.75 m a dhreapadh ag baint úsáid as rópa mar a thaispeántar in **Fíor 6.1**.




Fíor 6.1

- (b) Dreapann an saighdiúir an balla agus seasann sé ar a bharr. Ríomh an mheánchumhacht a fhorbraíonn an saighdiúir agus é ag dreapadh an bhalla má thógann sé 65.0 s lena dhreapadh.

Cumhacht = \_\_\_\_\_ W

[3]

- (c) I ndiaidh dó an balla a dhreapadh, ritheann an saighdiúir feadh cosáin chuig ardán atá 5.2m os cionn an talaimh mar a thaispeántar in **Fíor 6.2**. Stopann sé agus beireann sé greim ar bharra adhmaid atá ceangailte d'ulóg ar rópa. Ríomh an luas lena mbuaileann a chosa an talamh. Glac leis go dtiontaíonn frithchuimilt idir an ulóg agus an rópa 35% den fhuinneamh chinéiteach ina theas agus ina fhuaim agus an saighdiúir ag sleamhnú síos go dtí an talamh.




**Fíor 6.2**

$$\text{Luas} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ ms}^{-1}$$

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 7 Taispeánann an graf in **Fíor 7.1** an síneadh a dhéantar i sreang chruach dar fad 3.24 m agus dar trastomhas 0.193 mm, nuair a chuirtear fórsaí teanntachta suas le 60 N léi.



**Fíor 7.1**

- (a) Faigh modal Young na cruach agus luaigh a aonaid.

Modal Young = \_\_\_\_\_ [3]

Aonad = \_\_\_\_\_ [1]

- (b) Is é 990 MPa **Strus Teanntachta Deiridh** na cruach. Mínigh an frása faoi chló **trom**.

---



---



---



---

[3]

- 8 Cuirtear difrifocht poitéinsil thairiseach de 6.3V i bhfeidhm idir na foircinn de shreang mhiotail aonfhoirmeach agus bíonn sruth seasmhach de 12mA ann dá barr.

- (a) (i) Oibrigh amach an lucht a théann thar phointe sa tsreang gach soicind.

Lucht = \_\_\_\_\_ C

[1]

- (ii) Faigh an méid fuinnimh a tionsaíodh ó fhuinneamh leictreach nuair a bhí an lucht a oibríodh amach in (a)(i) ag dul thairis.

Fuinneamh = \_\_\_\_\_ J

[2]

- (b) Má shreabann an sruth 12mA sa tsreang ar feadh 90s, ríomh líon na leictreon a shreabann thar phointe ar bith sa chiorcad.

Líon na leictreon = \_\_\_\_\_

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 9 (a)** An fiús atá curtha ar phlocóid trí phionna, tá sé deartha le leá nuair a sháraíonn an sruth 13A. Tá sé déanta de phíosa sreang fiúis dar fad  $25.4\text{ mm}$ , dar friotachas  $1.45 \times 10^{-6}\Omega\text{ m}$  agus dar friotaíocht  $0.19\Omega$ . Cad é an trastomhas íosta de shreang fiúis a chaithfear a úsáid má tá sí le  $13.0\text{ A}$  a ligean tríd an fhiús?

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Trastomhas = \_\_\_\_\_ mm [4]

- (b)** Dá mbeadh sé riachtanach go leáfadh an tsreang fiúis le sruth níos lú, cad é mar a chaithfear an tsreang a athrú má tá an fad céanna inti agus í déanta den ábhar chéanna? Mínigh do fhreagra.
- 
- 
- 


[3]

## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 10 Taispeánann **Fíor 10.1** an toradh grafach de thurgnamh a rinneadh leis an fhriotaíocht inmheánach de chadhnra a aimsiú. Baineadh úsáid as pacáiste bogearraí le treolíne (líne an oiriúnaithe is fearr) a chur isteach agus leis an chothromóid a thabhairt don treolíne líneach.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



**Fíor 10.1**

- (a) Déan anailís ar an chothromóid don treolíne agus luaigh an fhaisnéis a chuireann sí ar fáil faoin chadhnra.

---



---



---

[2]

- (b) (i) Tarraing léaráid chiorcaid a dhéanfadh bailliú na sonraí, atá léirithe go grafach in **Fíor 10.1**, a éascú.

[3]

- (ii) Cuir síos ar an dóigh a ndéantar an turgnamh leis na sonraí atá de dhíth a fháil.

---

---


---

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 11 Taispeánann **Fíor 11.1** ciorcad roinnteoir poitéinsil. Tá voltmhéadar dar friotaíocht  $20\text{ k}\Omega$  ceangailte mar a thaispeántar. Tá luachanna  $R_1$  agus  $R_2$  ar aon cothrom le  $20\text{ k}\Omega$ .

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



**Fíor 11.1**

- (a) Ríomh luach an léimh ar an voltmhéadar.

Léamh an voltmhéadair = \_\_\_\_\_ V

[3]

- (b) Baintear an voltmhéadar amach as an chiorcad agus cuirtear voltmhéadar eile dar friotaíocht  $10\text{ M}\Omega$  isteach.

Mínigh cad chuige arb ionann an voltas aschuir agus a bhíonn sé nuair nach mbíonn aon voltmhéadar ar bith ceangailte trasna fhriotóir  $R_1$ .

---



---



---

[2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## Fisic GCE (Ard-fhotheastas)

### Bileog Sonrai agus Foirmí

#### Luachanna na dtairiseach

luas an tsolais i bhfolús	$c = 3.00 \times 10^8 \text{ m s}^{-1}$
bunlucht	$e = 1.60 \times 10^{-19} \text{ C}$
tairiseach Planck	$h = 6.63 \times 10^{-34} \text{ J s}$
mais leictreoin	$m_e = 9.11 \times 10^{-31} \text{ kg}$
mais protóin	$m_p = 1.67 \times 10^{-27} \text{ kg}$
luasghéarú saorthitime ar dhromchla an Domhain	$g = 9.81 \text{ m s}^{-2}$
leictreonvolta	$1 \text{ eV} = 1.60 \times 10^{-19} \text{ J}$

#### Foirmí úsáideacha

D'fhéadfadh na foirmí seo a leanas a bheith úsáideach le roinnt ceisteanna sa scrúdú a fhreagairt:

#### Meicnic

Imchoimeád fuinnimh	$\frac{1}{2}mv^2 - \frac{1}{2}mu^2 = Fs$	d'fhórsa tairiseach
Dlí Hooke	$F = kx$ (tairiseach lingeáin $k$ )	

#### Fuaim

$$\text{Leibhéal fuaimdhéine/dB} = 10 \lg_{10} \frac{I}{I_0}$$

#### Tonnta

$$\text{Trasnaíocht an dá fhoinse} \quad \lambda = \frac{ay}{d}$$

#### Solas

$$\text{Foirmle an lionsa} \quad \frac{1}{u} + \frac{1}{v} = \frac{1}{f}$$

$$\text{Formhéadú} \quad m = \frac{v}{u}$$

#### Leictreachas

$$\text{Difríocht poitéinsil losa} \quad V = E - Ir \quad (\text{F.l.g. } E; \text{ Friotaíocht Inmheánach } r)$$

$$\text{Roinnteoir poitéinsil} \quad V_{\text{out}} = \frac{R_1 V_{\text{in}}}{R_1 + R_2}$$

#### Cáithníní agus fótóin

$$\text{Cothromóid de Broglie} \quad \lambda = \frac{h}{p}$$



AY111INS